2024/2196

5.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2196 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Meán Fómhair 2024

lena gceartaítear an leagan Fraincise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Fraincise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]), tá earráid i dTábla 2 (Sonraíochtaí) den Iarscríbhinn a ghabhann leis, san iontráil le haghaidh 'Púdair síolta chia atá díshaillte go páirteach (*Salvia hispanica*)', sa cholún 'Sonraíochtaí' faoin teideal 'Éilleáin', sa chúigiú agus sa séú ró, a mhéid a bhaineann le leibhéal tiúchana substaintí áirithe. Tugadh an earráid isteach le gníomh leasaitheach, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2214 ón gCoimisiún ([3]), agus déanann sé difear do shubstaint na bhforálacha sin.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Fraincise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, arna seachadadh sular glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2214 ón gCoimisiún,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/2283/oj).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/2470/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2214 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le coinníollacha úsáide agus sonraíochtaí na mbianna núíosacha púdair chia atá díshaillte go páirteach (*Salvia hispanica*) (IO L, 2023/2214, 24.10.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2214/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN